**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0077/2024**

7.3.2024

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile
(COM(2024)0050 – C9-0021/2024 – 2024/0028(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Sandra Kalniete

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...........................................................................................................................7

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE......8

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ...........................................................................26

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........27

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile**
**(COM(2024)0050 – C9-0021/2024 – 2024/0028(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0050),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0021/2024),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0077/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an rialachán atá beartaithe, cuirtear síneadh bliana eile leis na bearta léirscaoilte trádála atá ag an Aontas faoi láthair i gcás táirgí de thionscnamh na hÚcráine, a glacadh ar dtús i mí na Bealtaine 2022 agus ar cuireadh síneadh bliana eile leo i mí na Bealtaine 2023, amhail ón dáta éaga atá aige faoi láthair (5 Meitheamh 2024).

Foráiltear leis an togra na dleachta custaim uile atá fós le híoc a chur ar fionraí go sealadach faoi Theideal IV den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena mbunaítear Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (DCFTA). Baineann sé sin le dhá chatagóir táirgí: torthaí agus glasraí atá faoi réir chóras an phraghais iontrála agus táirgí talmhaíochta agus táirgí talmhaíochta próiseáilte atá faoi réir taraif-chuótaí. Thairis sin, cuirfear cur i bhfeidhm na gcodanna ábhartha den Rialachán maidir le Bearta Coimirce[1] ar fionraí go sealadach i gcás allmhairí ón Úcráin.

Tugtar isteach leis an togra sásraí coimirce neartaithe chun éifeachtaí díobhálacha ar an margadh i mBallstáit an Aontais a chosc agus chun gníomhú ina gcoinne. Beidh an Coimisiún in ann aon bhearta is gá a dhéanamh, lena n-áirítear dleachtanna custaim a thabhairt isteach arís, má chinneann sé go mbíonn suaitheadh an mhargaidh san Aontas nó in aon cheann dá Bhallstáit mar thoradh ar allmhairiú táirge shonraigh a chumhdaítear leis an rialachán seo. I gcás táirgí atá thar a bheith íogair, eadhon éanlaith chlóis, uibheacha agus siúcra, tugtar isteach leis an rialachán coimirce uathoibríoch, lena n-áirithítear go gcuirfear uasteorainn ar allmhairí na dtáirgí sin saor ó dhleacht ar leibhéil 2022-2023. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar thionchar na mbeart um léirscaoileadh trádála ó thaobh méideanna agus praghsanna allmhairí de.

Tá na bearta léirscaoilte trádála coinníollach ar urraim na hÚcráine do phrionsabail an daonlathais, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha agus ar urraim do phrionsabal an smachta reachta chomh maith le hiarrachtaí leanúnacha chun an t-éilliú, an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Tacaíonn an rapóirtéir leis na bearta léirscaoilte trádála atá beartaithe, ar léiriú inbhraite iad ar dhlúthpháirtíocht AE leis an Úcráin i bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise. Trí tharaifí ar tháirgí talmhaíochta, atá ar cheann de phríomhfhoinsí ioncaim na tíre, a chur ar fionraí go sealadach, cuideofar le geilleagar na hÚcráine a chobhsú agus lena caidreamh trádála leis an Aontas a fheabhsú. Leis na bearta, éascófar lánpháirtiú na hÚcráine de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais agus ailíniú le caighdeáin an Aontais, rud a thacóidh leis an tír agus í ag dul i dtreo bhallraíocht an Aontais.

I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart do Pharlaimint na hEorpa aontú leis an togra ón gCoimisiún a ghlacadh chun síneadh bliain sa bhreis a chur leis na bearta um léirscaoileadh trádála AE don Úcráin.

---

[1] Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| AS TRADE sa Choimisiún Eorpach |
| AS AGRI sa Choimisiún Eorpach |
| Uachtaránacht na Beilge ar an gComhairle |
| Copa-Cogeca – Coiste na nEagraíochtaí Talmhaíochta Gairmiúla – Cónaidhm Ghinearálta Comharchumann Talmhaíochta san Aontas Eorpach |
| An Leas-Aire Geilleagair – Ionadaí trádála na hÚcráine an tUas.Taras Kachka |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

27.2.2024

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile
(COM(2024)0050 – C9-0021/2024 – 2024/0028(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Juozas Olekas

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ó bhí 24 Feabhra 2022 ann, tá cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ionsaí gan chúis gan údar, tar éis tionchar diúltach ollmhór a imirt ar chumas na hÚcráine trádáil a dhéanamh leis an gcuid eile den domhan, i ngeall ar scriosadh na hacmhainneachta táirgeachta agus toisc nach bhfuil fáil ar chuid shuntasach de na modhanna iompair ó tharla, mar shampla, an rochtain ar an Muir Dhubh a bheith faoi shrian agus éiginnte. Faoi chúinsí eisceachtúla den sórt sin agus chun tionchar diúltach eacnamaíoch chogadh foghach na Rúise a mhaolú, tá gá le dlús a chur le forbairt caidrimh eacnamaíoch níos dlúithe idir an tAontas agus an Úcráin chun tacaíocht leanúnach a thabhairt d'údaráis na hÚcráine agus do mhuintir na hÚcráine. | (4) Ó bhí 24 Feabhra 2022 ann, tá cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ionsaí gan chúis gan údar, tar éis tionchar diúltach ollmhór a imirt ar chumas na hÚcráine trádáil a dhéanamh leis an gcuid eile den domhan, i ngeall ar scriosadh na hacmhainneachta táirgeachta agus toisc nach bhfuil fáil ar chuid shuntasach de na modhanna iompair ó tharla, mar shampla, an rochtain ar an Muir Dhubh a bheith faoi shrian agus éiginnte. Faoi chúinsí eisceachtúla den sórt sin agus chun tionchar diúltach eacnamaíoch chogadh foghach na Rúise a mhaolú, tá gá le dlús a chur le forbairt caidrimh eacnamaíoch níos dlúithe idir an tAontas agus an Úcráin chun tacaíocht leanúnach a thabhairt d'údaráis na hÚcráine agus do mhuintir na hÚcráine. |

Is gá agus is iomchuí, dá bhrí sin, leanúint de shreabha trádála a spreagadh agus lamháltais a dheonú i bhfoirm bearta um léirscaoileadh trádála le haghaidh gach táirge i gcomhréir leis an luathú atá á dhéanamh ó thaobh deireadh a chur le dleachtanna custaim ar thrádáil idir an tAontas agus an Úcráin.

Is gá agus is iomchuí, dá bhrí sin, leanúint de shreabha trádála a spreagadh agus lamháltais a dheonú i bhfoirm bearta um léirscaoileadh trádála le haghaidh gach táirge i gcomhréir leis an luathú atá á dhéanamh ó thaobh deireadh a chur le dleachtanna custaim ar thrádáil idir an tAontas agus an Úcráin***, agus, ag an am céanna, slí bheatha na dtáirgeoirí Eorpacha, i measc nithe eile, a chaomhnú i dtíortha i gcomharsanacht na hÚcráine***.

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) Leis na bearta léirscaoilte trádála, ar comhartha tábhachtach iad de chomhtháthú breise na hÚcráine i margadh an Aontais, cuirtear cobhsaíocht bhreise ar fáil do gheilleagar na hÚcráine a bhíonn ag brath go mór ar onnmhairí. Níor cheart go mbeadh aon bhearta coimirce a chuireann teorainn leis an léirscaoileadh trádála ina mbacainn ar chomhtháthú eacnamaíoch agus comhtháthú margaidh amach anseo, ach ba cheart go mbeidís ina mbealach chun trádáil chothrom a chruthú.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun calaois a chosc, na socruithe fabhracha a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart iad a bheith faoi réir an choinníll go mbeidh na coinníollacha ábhartha uile chun socair a fháil faoin gComhaontú Comhlachais comhlíonta ag an Úcráin, lena n-áirítear na rialacha maidir | (8) Chun calaois a chosc, ba cheart na socruithe fabhracha a bhunaítear leis an Rialachán seo a bheith faoi réir an choinníll go mbeidh na coinníollacha ábhartha uile chun socair a fháil faoin gComhaontú Comhlachais comhlíonta ag an Úcráin, lena n-áirítear rialacha tionscnaimh na |

| | |
|---|---|
| le tionscnamh na dtáirgí lena mbaineann agus na nósanna imeachta a bhaineann leis sin, agus ina theannta sin, ba cheart iad a bheith faoi réir dhlúthchomhair na hÚcráine leis an Aontas ó thaobh riaracháin de, dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais. | dtáirgí lena mbaineann agus na nósanna imeachta a bhaineann leo, chomh maith le rannpháirtíocht na hÚcráine i ndlúthchomhar riaracháin leis an Aontas ***chun aon mhór-dhíchobhsú ar an margadh inmheánach a chosc,*** amhail dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais***, agus leis na Ballstáit freisin inar bunaíodh réitigh dhéthaobhacha arna gcomhaontú go frithpháirteach***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Na socruithe fabhracha a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart iad a bheith faoi réir an choinníll freisin go staonfaidh an Úcráin ó aon dleacht nó muirear nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu agus ó aon srian cainníochtúil nó beart nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu a thabhairt isteach, ó mhéadú a dhéanamh ar dhleachtanna nó ar mhuirir atá ann cheana nó ó aon srian eile ar thrádáil leis an Aontas a thabhairt isteach, ach amháin má tá údar soiléir leis sin i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise. | (9) Na socruithe fabhracha a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart iad a bheith faoi réir an choinníll freisin go staonfaidh an Úcráin ó aon dleacht nó muirear nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu agus ó aon srian cainníochtúil nó beart nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu a thabhairt isteach, ó mhéadú a dhéanamh ar dhleachtanna nó ar mhuirir atá ann cheana nó ó aon srian eile ar thrádáil leis an Aontas a thabhairt isteach, ach amháin má tá údar soiléir leis sin i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ***agus i gcásanna a chomhaontaítear go frithpháirteach***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Faoi réir measúnú ón gCoimisiún a dhéantar i gcomhthéacs an fhaireacháin thráthrialta ar thionchar an Rialacháin seo agus a sheoltar tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, is gá | (11) Faoi réir measúnú ón gCoimisiún a dhéantar i gcomhthéacs an fhaireacháin thráthrialta ar thionchar an Rialacháin seo agus a sheoltar tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, is gá |

| | |
|---|---|
| foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht aon bheart is gá a ghlacadh i leith allmhairí aon táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a dhéanann dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo. Tá staid thar a bheith forbhásach sna margaí d'éanlaith chlóis, uibheacha agus siúcra a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do tháirgeoirí talmhaíochta an Aontais dá dtiocfadh méadú ar allmhairí ón Úcráin. Is iomchuí coimirce uathoibríoch a thabhairt isteach d'uibheacha, éanlaith chlóis agus táirgí siúcra a ghníomhachtófar má sháraíonn na cainníochtaí a allmhairítear de bhun an Rialacháin seo meán uimhriúil na gcainníochtaí in ***2022 agus 2023***. | foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht aon bheart is gá a ghlacadh i leith allmhairí aon táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a dhéanann dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo. Tá staid thar a bheith forbhásach i margaí na ***ngránach,*** na héanlaithe clóis, na n-uibheacha agus an tsiúcra a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do tháirgeoirí talmhaíochta an Aontais dá dtiocfadh méadú ar allmhairí ón Úcráin. Is iomchuí coimirce uathoibríoch a thabhairt isteach do ***ghránaigh,*** uibheacha, éanlaith chlóis agus táirgí siúcra a ghníomhachtófar má sháraíonn na cainníochtaí a allmhairítear de bhun an Rialacháin seo meán uimhriúil na gcainníochtaí in ***2021 agus 2022, chomh maith le bearta coimirce leordhóthanacha do na táirgí eile***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) ag tarraingt aird an Choimisiúin ar an staid chriticiúil i margadh an tsiúcra, ina bhfuil na méideanna allmhairí le linn an chéad leath de 2024 an-ard cheana féin; ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, gur gá don Choimisiún a bheith airdeallach a luaithe a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, trí dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar onnmhairí ar bhonn míosúil;*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 a) I bhfianaise stádas na hÚcráine mar iarrthóir do bhallraíocht AE, agus an measúnú agus an tuarascáil bhliantúil á ndéanamh aige, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh gur gá tús a chur leis an obair ar chlár athstruchtúraithe de chuid earnáil talmhaíochta na hÚcráine chomh maith lena dtionscal agraibhia. Ba cheart do chlár den sórt sin a bheith comhoiriúnach le cuspóirí aontachas na hÚcráine leis an Aontas chomh maith leis an gcuspóir go bhfanfadh an Úcráin ina mór-onnmhaireoir domhanda táirgí agraibhia agus ba cheart athchóiriú leordhóthanach ar bheartais talmhaíochta na hÚcráine a áireamh ann le linn thréimhse an athstruchtúraithe agus na hatógála. Ba cheart, i gcás inarb iomchuí, gnéithe a shainaithint sa tuarascáil bhliantúil freisin le haghaidh athbhreithniú ar an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála mar chuid den Chomhaontú Comhlachais.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 b) Ní mór féachaint ar thacaíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt na trádála talmhaíochta leis an Úcráin san fhadtéarma agus gan í a theorannú do bhearta gearrthéarmacha amháin. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún córas cuimsitheach ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin leis an Úcráin a mholadh, chun go bhféadfar faireachán mionsonraithe a dhéanamh ar tháirgí talmhaíochta óna dteacht isteach i mBallstát den Aontas go dtí a gceann scríbe, faoi mhaoirseacht an Choimisiúin, chomh maith le pacáiste*** |

| | |
|---|---|
| | ***buan beart lena n-áirítear luamháin atá curtha in oiriúint do cheann scríbe deiridh gach táirge, infheistíocht i stóráil agus lóistíocht agus cur i bhfeidhm chaighdeáin an Aontais más é margadh an Aontais ceann scríbe beartaithe an táirge. Má chuirtear dleachtanna inaisíoctha i bhfeidhm, ba cheart an t-airgead sin a úsáid chun an iarracht chogaidh san Úcráin a mhaoiniú.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) staonadh na hÚcráine ó aon dleacht nó muirear nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu nó ó aon srian cainníochtúil nó beart nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu a thabhairt isteach i gcás allmhairí de thionscnamh an Aontais, ó mhéadú a dhéanamh ar dhleachtanna nó muirir atá ann cheana agus ó shrian d'aon saghas eile ar thrádáil leis an Aontas a thabhairt isteach, lena n-áirítear bearta riaracháin inmheánacha atá idirdhealaitheach, ach amháin má tá údar soiléir leis i gcomhthéacs an chogaidh***; agus*** | (b) staonadh na hÚcráine ó aon dleacht nó muirear nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu nó ó aon srian cainníochtúil nó beart nua a mbeadh a choibhéis d'éifeacht acu a thabhairt isteach i gcás allmhairí de thionscnamh an Aontais, ó mhéadú a dhéanamh ar dhleachtanna nó muirir atá ann cheana agus ó shrian d'aon saghas eile ar thrádáil leis an Aontas a thabhairt isteach, lena n-áirítear bearta riaracháin inmheánacha atá idirdhealaitheach, ach amháin má tá údar soiléir leis i gcomhthéacs an chogaidh ***agus má chomhaontaítear é go frithpháirteach idir an Úcráin agus an tAontas nó Ballstát de; agus*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún aon cheann de na socruithe fabhracha a chur ar fionraí ar an mbonn nár chomhlíon an Úcráin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (b), | 2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún aon cheann de na socruithe fabhracha a chur ar fionraí ar an mbonn nár chomhlíon an Úcráin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (b), |

| | |
|---|---|
| cuirfidh an Coimisiún tuairim réasúnaithe ar fáil laistigh de 4 ***mhí*** ó rinneadh an iarraidh i dtaobh an raibh bunús leis an maíomh nár chomhlíon Úcráin na coinníollacha. Má chinneann an Coimisiún go bhfuil bunús leis an maíomh, cuirfidh sé tús leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. | cuirfidh an Coimisiún tuairim réasúnaithe ar fáil laistigh de 4 ***seachtaine*** ó rinneadh an iarraidh i dtaobh an raibh bunús leis an maíomh nár chomhlíon Úcráin na coinníollacha. Má chinneann an Coimisiún go bhfuil bunús leis an maíomh, cuirfidh sé tús leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina ndéanfar táirge a chumhdaítear le hAirteagal ***1(1)*** de thionscnamh na hÚcráine a allmhairiú faoi choinníollacha a dhéanann dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin nó níos mó le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo, féadfaidh an Coimisiún aon bheart is gá leis a fhorchur ***trí bhíthin gníomh cur chun feidhme***. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(3). | Má dhéantar táirge a chumhdaítear le hAirteagal ***1, nó aon táirge eile*** de thionscnamh na hÚcráine, a allmhairiú faoi choinníollacha a dhéanann dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin nó roinnt Ballstát le haghaidh táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo, féadfaidh an Coimisiún,***trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, aon bheart is gá a fhorchur, lena n-áirítear cistí a úsáid faoi Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid na hÚcráine (COD 2023/0200) chun táirgí talmhaíochta ón Úcráin arb iad tríú tíortha is ceann scríbe dóibh a cheannach faoi chuimsiú chúnamh bia daonnúil an Aontais a bhféadfadh stóráil laistigh de chríoch an Aontais a bheith i gceist leis freisin***. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(3). |

*Réasúnú*

*Ba cheart bearta coimirce atá bunaithe ar Airteagal 4 a bheith infheidhme maidir le gach táirge a allmhairítear ón Úcráin. Tá feidhm ag Airteagal 1(2) maidir le gach allmhairiú ón Úcráin agus cuirtear ar fionraí leis an fhéidearthacht coimircí caighdeánacha EDT a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an bhféidearthacht maidir le bearta cosanta faoi Airteagal 4 den rialachán maidir le bearta trádála uathrialacha (ATM) i dtaca le gach allmhairiú freisin. Ina theannta sin, i measc na mbeart is gá, ba cheart cead a thabhairt*

*don Choimisiún cistí a úsáid faoin tSaoráid chun praghsanna margaidh a chobhsú, trí tháirgí talmhaíochta a cheannach le haghaidh cuspóirí daonnúla.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh an Coimisiún torthaí an fhaireacháin thráthrialta in iúl do na Ballstáit gach ***2 mhí***, ag tosú ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. | Cuirfidh an Coimisiún torthaí an fhaireacháin thráthrialta in iúl do na Ballstáit ***agus do Pharlaimint*** na hEorpa gach ***mí***, ag tosú ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcrích laistigh de ***4*** mhí óna seoladh. | Cuirfear an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcrích laistigh de ***2*** mhí óna seoladh. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí ón Úcráin den táirge lena mbaineann i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, | (a) ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí an táirge lena mbaineann ón Úcráin i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, ***maidir leis an Aontas ina iomláine agus maidir le gach ball de***, |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. In imthosca criticiúla, ina mbeadh moill ina cúis le díobháil a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh an Coimisiún aon bheart is gá a fhorchur go sealadach trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Ní fhéadfar bearta den sórt sin a fhorchur ach amháin ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát de bhun mhír 3(a) den Airteagal seo agus glacfar iad laistigh de ***21*** lá tar éis an iarraidh a fháil. Déanfar an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 5(4). Ní mhairfidh beart coimirce sealadach níos faide ná 120 lá. | 5. In imthosca criticiúla, ina mbeadh moill ina cúis le díobháil a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh an Coimisiún aon bheart is gá a fhorchur go sealadach trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Ní fhéadfar bearta den sórt sin a fhorchur ach amháin ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát de bhun mhír 3(a) den Airteagal seo agus glacfar iad laistigh de ***10*** lá tar éis an iarraidh a fháil. Déanfar an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 5(4). Ní mhairfidh beart coimirce sealadach níos faide ná ***150*** lá. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más rud é, le linn na tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2024, go sroichfidh méideanna carnacha allmhairí i gcás uibheacha, éanlaith chlóis ***nó*** siúcra ón 1 Eanáir 2024 meán uimhriúil na méideanna allmhairí faoi seach a taifeadadh in ***2022 agus 2023,*** is éard a dhéanfaidh an Coimisiún laistigh de ***21*** lá tar éis dó an Coiste um Choimirce a bunaíodh le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2015/478: | Más rud é, le linn na tréimhse 6 Meitheamh go 31 Nollaig 2024, go sroichfidh méideanna carnacha allmhairí ***gnáthchruithneachta, plúr agus millíní cruithneachta, eorna, plúr agus millíní eorna, coirce, arbhair Indiaigh, plúr agus millíní arbhair Indiaigh, piocuaran agus mine eorna, gránach arna n-oibriú ar bhealach eile, síolta lus na gréine, ola agus mine, síolta síl ráibe, ola agus mine, meala,*** uibheacha, éanlaithe clóis nó siúcra, ón 1 Eanáir 2024, an meán uimhríochtúil ábhartha de mhéideanna allmhairí arna dtaifeadadh in ***2021 agus 2022,*** déanfaidh an Coimisiún, laistigh de ***10*** lá agus tar éis dó an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2015/478 a chur ar an eolas: |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an taraif-chuóta comhfhreagrach arna chur ar fionraí le hAirteagal 1(1), pointe (b) a thabhairt is teach arís don táirge sin, go dtí an 31 Nollaig 2024***; agus*** | (a) an cuóta ráta taraife comhfhreagrach a chuirtear ar fionraí le hAirteagal 1(1), pointe b, go dtí an 31 Nollaig 2024 a thabhairt isteach arís le haghaidh ***an táirge sin, nó, i gcás gránach agus síolta ola, cuóta ráta taraife nua a thabhairt isteach bunaithe ar mheán uimhríochtúil na méideanna allmhairí arna dtaifeadadh in 2021 agus 2022, go dtí an 31 Nollaig 2024;*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) an Úcráin a chur chun cinn chun aon táirge a bhfuil meán uimhríochtúil na méideanna allmhairí a taifeadadh in 2021 agus 2022 bainte amach aige a onnmhairiú chuig margaí lasmuigh den Aontas; agus*** |

*Réasúnú*

*Ó thaobh gnéithe geopholaitiúla de, ní mór dúinn cabhrú leis an Úcráin sciar den mhargadh a fháil ar ais lasmuigh den Aontas, go háirithe na margaí agus na táirgí sin ina bhfeicimid go bhfuil na bearnaí á líonadh ag an Rúis.*

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a thabhairt isteach ón 1 Eanáir 2025 taraif-chuóta atá comhionann le cúig dhódhéagú den mheán uimhriúil sin, nó an taraif-chuóta comhfhreagrach arna chur ar | (b) a thabhairt isteach ón 1 Eanáir 2025 taraif-chuóta atá comhionann le cúig dhódhéagú den mheán uimhriúil sin, nó an taraif-chuóta comhfhreagrach arna chur ar |

| | |
|---|---|
| fionraí le hAirteagal 1(1), pointe (b), cibé acu ***is airde***. | fionraí le hAirteagal 1(1), pointe (b), cibé acu ***is ísle***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) i gcás arbhar Indiach, níl gluaiseacht na n-earraí lena mbaineann údaraithe ach amháin faoin nós imeachta idirthurais custaim dá bhforáiltear faoi Airteagal 226 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 chuig tír nó críoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más rud é, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 5 Meitheamh 2025, go sroichfidh méideanna carnacha allmhairí i gcás uibheacha, éanlaith chlóis ***nó*** siúcra don tréimhse ón 1 Eanáir 2025 cúig dhódhéagú de mheán uimhriúil na méideanna allmhairí faoi seach a taifeadadh in 2022 agus 2023, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de ***21*** lá tar éis dó an Coiste um Choimircí a chur ar an eolas, an taraif-chuóta comhfhreagrach arna chur ar fionraí le hAirteagal 1(1), pointe b a thabhairt isteach arís don táirge sin. | Más rud é, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 5 Meitheamh 2025, go sroichfidh méideanna carnacha allmhairí ***gnáthchruithneachta, plúr agus millíní cruithneachta, eorna, plúr agus millíní eorna, coirce, arbhair Indiaigh, plúr agus millíní arbhair Indiaigh, piocuaran agus mine eorna, gránach arna n-oibriú ar bhealach eile, síolta lus na gréine, ola agus mine, síolta síl ráibe, ola agus mine, meala,*** uibheacha, éanlaithe chlóis ***siúcra*** le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 cúig dhódhéagú de mheán uimhríochtúil na n-allmhairí faoi seach a taifeadadh in ***2021 agus 2022,*** déanfaidh an Coimisiún, laistigh de ***10*** lá agus tar éis dó an Coiste um Choimircí a chur ar an eolas, an cuóta ráta taraife comhfhreagrach a chuirtear ar fionraí le hAirteagal 1(1) pointe b, ***nó i gcás gránach, a thabhairt isteach arís don táirge sin; síolta lus na gréine, ola agus min; síolta síl ráibe, ola agus min; cuóta*** |

| | |
|---|---|
| | ***nua rátaí taraife a thabhairt isteach bunaithe ar mheán uimhríochtúil na méideanna allmhairí a taifeadadh in 2021, 2022 agus 2023.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha na míre seo, tagraíonn na téarmaí uibheacha, éanlaith chlóis ***agus*** siúcra do tháirgí a chumhdaítear le taraif-chuótaí san Foscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn I-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais le haghaidh uibheacha agus albaimíní, éineoil agus ullmhóidí éineola, agus siúcraí, faoi seach agus déanfar an meán uimhriúil a ríomh trí shuim na méideanna allmhairí in 2022 agus 2023 a roinnt ar ***dhó***. | Chun críocha na míre seo, na téarmaí a bhaineann le ***gnáthchruithneacht, plúir agus millíní eorna, plúr agus millíní coirce, plúr agus millíní arbhair Indiaigh, piocuaran agus min eorna, gránach arna n-oibriú ar bhealach eile, síolta lus na gréine, ola agus min, síolta síl ráibe, ola agus min, mil,*** uibheacha, éanlaith chlóis,***siúcra***,***tagraíonn*** siad do na táirgí go léir a thagann faoi réim na gcuótaí rátaí taraife atá san Iarscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn I-A den Chomhaontú Comhlachais ina leith siúd faoi seach: ***gnáthchruithneacht, plúir agus millíni cruithneachta, eorna plúr agus millíní eorna, arbhar Indiach, plúr agus millíní arbhair Indiaigh, piocuaran agus min eorna, grán gránach arna n-oibriú ar bhealach eile, síolta lus na gréine, ola agus min, síolta ola ráibe, ola agus min, mil, braich agus glútan cruithneachta, stáirsí, stáirse próiseáilte, bran, sceallraí agus iarmhair,*** uibheacha agus albaimíní, feoil éanlaithe clóis agus ullmhóidí feola éanlaithe clóis, agus siúcraí, agus siúcraí, agus an meán uimhríochtúil a ríomh trí shuim na méideanna allmhairiúcháin in ***2021 agus 2022*** a roinnt ar a dhó. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Má dhéantar táirge de thionscnamh na hÚcráine a chumhdaítear le hAirteagal 1(1) a allmhairiú chuig an Aontas nó a thabhairt ar idirthuras tríd an Aontas, ba cheart d'údaráis na hÚcráine ceann scríbe choinsíneachtaí uile an táirge sin a chinneadh sula dtiocfaidh sé isteach san Aontas. Thairis sin, ba cheart d'údaráis na hÚcráine an doiciméadacht uile is gá a sholáthar don Choimisiún Eorpach lena ndeimhnítear gur shroich na coinsíneachtaí sin a gceann scríbe.*** |

*Réasúnú*

*Ní shroicheann go leor allmhairí ón Úcráin na limistéir ina bhfuil gá leo agus is in áiteanna eile a théann siad sa deireadh, rud a chruthaíonn fadhbanna barrachais.*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Tá údaráis na hÚcráine freagrach as an doiciméadacht a ghabhann le táirgí, a chumhdaítear le hAirteagal 1(1), de thionscnamh na hÚcráine agus a allmhairítear san Aontas nó a thugtar ar idirthuras tríd an Aontas. Déanfar táirgí ábhartha a mharcáil go soiléir lena gceann scríbe deiridh sula n-allmhairítear iad san Aontas.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Tuarascálacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***Cuirfidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle na nAirí faoin 31 Bealtaine 2024 maidir le sreafaí míosúla allmhairí tháirgí talmhaíochta na hÚcráine isteach san Aontas Eorpach, amhail gránaigh agus síolta ola, nach gcumhdaítear le hAirteagal 4 den Rialachán seo, agus na méideanna sin á gcur i gcomparáid leis na hallmhairí a taifeadadh sna blianta 2021 agus 2022. Déanfar cur síos sa tuarascáil freisin ar éabhlóid na bpraghas margaidh san Aontas Eorpach. Beidh togra reachtach ag gabháil leis, i gcás inarb iomchuí, maidir le bearta coimirce a chur i bhfeidhm ar na táirgí sin.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh measúnú mionsonraithe ar chur chun feidhme na mbeart um léirscaoileadh trádála dá bhforáiltear sa Rialachán seo sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála agus beidh ann, a mhéid is iomchuí, measúnú ar an tionchar sóisialta a bheidh ag na bearta sin san Úcráin agus san Aontas. Cuirfear faisnéis faoi allmhairiú táirgí faoi Airteagal 1(1), pointe (b), ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. | Beidh measúnú mionsonraithe ar chur chun feidhme na mbeart um léirscaoileadh trádála dá bhforáiltear sa Rialachán seo sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála agus beidh ann, a mhéid is iomchuí, measúnú ar an tionchar sóisialta a bheidh ag na bearta sin san Úcráin agus san Aontas ***ó thaobh na forbartha eacnamaíche agus na forbartha tuaithe de araon***. Cuirfear faisnéis faoi allmhairiú táirgí faoi Airteagal 1(1), pointe (b), ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. |
| | ***I bhfianaise stádas na hÚcráine mar iarrthóir, ba cheart a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil an gá atá le clár athstruchtúraithe a fhorbairt d'earnáil talmhaíochta na hÚcráine chomh maith lena dtionscal agraibhia a luaithe is*** |

***féidir, i gcomhréir iomlán le cuspóirí aontachas na hÚcráine leis an Aontas agus leis an gcuspóir go bhfanfaidh an Úcráin ina mór-onnmhaireoir domhanda táirgí agraibhia. Ba cheart, i gcás inarb iomchuí, gnéithe a shainaithint sa tuarascáil bhliantúil freisin le haghaidh athbhreithniú ar an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála mar chuid den Chomhaontú Comhlachais.***

***Tuairisceoidh an Coimisiún 2 uair sa bhliain do na Ballstáit maidir leis staid na himeartha i ndáil lena cuid oibleagáidí a bheith á gcur chun feidhme ag an Úcráin faoi Iarscríbhinn V a ghabhann le LDCST agus maidir leis an bpróiseas chun dlí na hÚcráine a chomhfhogasú do chaighdeáin agus ceanglais an Aontais i dtáirgeadh talmhaíochta, go háirithe na caighdeáin sábháilteachta bia agus leasa ainmhithe.***

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| |
| Ionadaí trádála na hÚcráine |
| Copa-Cogeca |
| |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bearta léirscaoilte trádála sealadacha lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme maidir le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile |
| **Tagairtí** | COM(2024)0050 – C9-0021/2024 – 2024/0028(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Juozas Olekas<br>13.2.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 26.2.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 7<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Benoît Biteau, Franc Bogovič, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Angelo Ciocca, Dacian Cioloş, Ivan David, Paolo De Castro, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Katarína Roth Neveďalová, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosanna Conte, Anna Deparnay-Grunenberg, Peter Jahr, Cristina Maestre Martín De Almagro, Alin Mituța, Michaela Šojdrová, Tom Vandenkendelaere |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Iuliu Winkler |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 31 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| NI | Dino Giarrusso, Katarína Roth Neveďalová |
| PPE | Franc Bogovič, Daniel Buda, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Michaela Šojdrová, Tom Vandenkendelaere, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Dacian Cioloş, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Cristina Maestre Martín De Almagro, Maria Noichl, Juozas Olekas |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Chris MacManus |

| 7 | - |
|---|---|
| ECR | Krzysztof Jurgiel |
| ID | Ivan David |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Anna Deparnay-Grunenberg, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Sarah Wiener |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Angelo Ciocca, Rosanna Conte, Paola Ghidoni, Gilles Lebreton |
| Renew | Martin Hlaváček |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bearta léirscaoilte trádála sealadacha lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme maidir le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile |
| **Tagairtí** | COM(2024)0050 – C9-0021/2024 – 2024/0028(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 1.2.2024 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>26.2.2024 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG 26.2.2024; AGRI 26.2.2024 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>21.2.2024 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Sandra Kalniete<br>24.1.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 19.2.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 26<br>–: 10<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Miapetra Kumpula-Natri, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Helmut Scholz, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Anna Cavazzini, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Cristina Maestre Martín De Almagro, Javier Moreno Sánchez, Manuela Ripa, Witold Jan Waszczykowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrea Bocskor, Paola Ghidoni, Ivo Hristov, Virginie Joron, Ska Keller, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė, Dominik Tarczyński |
| **Dáta don chur síos** | 7.3.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 26 | + |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois |
| PPE | José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė, Jörgen Warborn |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Cristina Maestre Martín De Almagro, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Ska Keller, Manuela Ripa |

| 10 | - |
|---|---|
| ECR | Dominik Tarczyński, Witold Jan Waszczykowski |
| ID | Paola Ghidoni, Virginie Joron, Danilo Oscar Lancini, Thierry Mariani |
| NI | Andrea Bocskor, Enikő Győri |
| S&D | Ivo Hristov |
| The Left | Emmanuel Maurel |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Jan Zahradil |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh